

Iris Oifigiúil

na gComhphobal Eorpach

ISSN 0257-9537

Eagrán Speisialta *

18 Nollag 2000

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

Leathanach

Chearta Bunúsacha den Aontas Eorpach 1



CHEARTA BUNÚSACHA DEN AONTAS EORPACH

PROCLAMACIÓN SOLEMNE

HØJTIDELIG PROKLAMATION

FEIERLICHE PROKLAMATION

ΠΑΝΗΓΥΡΙΚΗ ΔΙΑΚΗΡΥΞΗ

SOLEMN PROCLAMATION

PROCLAMATION SOLENNELLE

FORÓGRA SOLLÚNTA

PROCLAMAZIONE SOLENNE

PLECHTIGE AFKONDIGING

PROCLAMAÇÃO SOLENE

JUHLALLINEN JULISTUS

HÖGTIDLIG PROKLAMATION

El Parlamento Europeo, el Consejo y la Comisión proclaman solemnemente en tanto que Carta de los Derechos Fundamentales de la Unión Europea el texto que figura a continuación.

Europa-Parlamentet, Rådet og Kommissionen proklamerer højtideligt den tekst, der følger nedenfor, som Den Europæiske Unions charter om grundlæggende rettigheder.

Das Europäische Parlament, der Rat und die Kommission proklamieren feierlich den nachstehenden Text als Charta der Grundrechte der Europäischen Union.

Το Ευρωπαϊκό Κοινοβούλιο, το Συμβούλιο και η Επιτροπή διακηρύσσουν πανηγυρικά, ως Χάρτη Θεμελιωδών Δικαιωμάτων της Ευρωπαϊκής Ένωσης, το κείμενο που ακολουθεί.

The European Parliament, the Council and the Commission solemnly proclaim the text below as the Charter of fundamental rights of the European Union.

Le Parlement européen, le Conseil et la Commission proclament solennellement en tant que Charte des droits fondamentaux de l'Union européenne le texte repris ci-après.

Forógraíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go sollúnta an téacs thíos mar an Chairt um Chearta Bunúsacha den Aontas Eorpach.

Il Parlamento europeo, il Consiglio e la Commissione proclamano solennemente quale Carta dei diritti fondamentali dell'Unione europea il testo riportato in appresso.

Het Europees Parlement, de Raad en de Commissie kondigen plechtig als Handvest van de grondrechten van de Europese Unie de hierna opgenomen tekst af.

O Parlamento Europeu, o Conselho e a Comissão proclamam solenemente, enquanto Carta dos Direitos Fundamentais da União Europeia, o texto a seguir transcrito.

Euroopan parlamentti, neuvosto ja komissio juhllallisesti julistavat jäljempänä esitetyn tekstin Euroopan unionin perusoikeuskirjaksi.

Europaparlamentet, rådet och kommissionen tillkännager högtidligt denna text såsom stadga om de grundläggande rättigheterna i Europeiska unionen.

Hecho en Niza, el siete de diciembre del año dos mil.

Udfærdiget i Nice den syvende december to tusind.

Geschehen zu Nizza am siebten Dezember zweitausend.

Έγινε στη Νίκαια, στις επτά Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες.

Done at Nice on the seventh day of December in the year two thousand.

Fait à Nice, le sept décembre deux mille.

Arna dhéanamh i Nice, an seachtú lá de Nollaig sa bhliain dhá mhíle.

Fatto a Nizza, addì sette dicembre duemila.


Gedaan te Nice, de zevende december tweeduizend.

Feito em Nice, em sete de Dezembro de dois mil.


Tehty Nizzassa seitsemäntenä päivänä joulukuuta vuonna kaksituhatta.

Som skedde i Nice den sjunde december tjugohundra.


Por el Parlamento Europeo
For Europa-Parlamentet
Für das Europäische Parlament
Για το Ευρωπαϊκό Κοινοβούλιο
For the European Parliament
Pour le Parlement européen
Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
Per il Parlamento europeo
Voor het Europees Parlement
Pelo Parlamento Europeu
Euroopan parlamentin puolesta
För Europaparlamentet



Por el Consejo de la Unión Europea
For Rådet for Den Europæiske Union
Für den Rat der Europäischen Union
Για το Συμβούλιο της Ευρωπαϊκής Ένωσης
For the Council of the European Union
Pour le Conseil de l'Union européenne
Thar ceann Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Per il Consiglio dell'Unione europea
Voor de Raad van de Europese Unie
Pelo Conselho da União Europeia
Euroopan unionin neuvoston puolesta
För Europeiska unionens råd



Por la Comisión Europea
For Europa-kommissionen
Für die Europäische Kommission
Για την Ευρωπαϊκή Επιτροπή
For the European Commission
Pour la Commission européenne
Thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh
Per la Commissione europea
Voor de Europese Commissie
Pela Comissão Europeia
Euroopan komission puolesta
För Europeiska kommissionen



BROLLACH

Tá rún daingan ag pobail na hEorpa, trí aontas buandlúite a chur ar bun eatarthu, todhchaí shíochánta arna bunú ar chomhluachanna a roinnt.

Ós feasach dó a oidhreacht spioradálta agus morálta, tá an tAontas fothaithe ar na luachanna doroinnte uilechoiteanna arb iad dínit an duine, an tsaoirse, an combhionannas agus an dlúthpháirtíocht; tá sé fothaithe ar phrionsabail an daonlathais agus ar an reacht smachta. Cuireann sé an duine i gceartlár a chuid gníomhaíochtaí trí shaoránacht den Aontas a thionscnamh agus trí limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú.

Rannchuidíonn an tAontas leis na comhluachanna seo a chaomhnú agus a fhorbairt le hurraim chuí ar éagsúlacht na gcultúr agus na dtraidisiún atá ag pobail na hEorpa, ar fhéiniúlacht náisiúnta na mBallstát agus ar eagrúchán a n-údarás poiblí ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; féachann sé le forás cothromúil inbhuanaithe a chur ar aghaidh agus áirithíonn sé saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus captil, agus an tsaoirse bunaíochta.

Chuige sin is gá, trí na cearta bunúsacha a dhéanamh níos sofheicthe i gCairt, cosaint na gceart sin a fheabhsú i bhfianaise athruithe sa tsochaí, an dul chun chinn sóisialta agus foráis eolaíochta agus teicneolaíochta.

Athdhearbhaíonn an Chairt seo, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí agus cúraimí an Chomhphobail agus an Aontais agus ar phrionsabal na coimhdeachta, na cearta a eascraíonn ó na traidisiúin bhunreachtúla agus ó na hoibleagáidí idirnáisiúnta is coiteann do na Ballstáit, an Conradh ar an Aontas Eorpach, Conarthaí na gComhphobal, an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, na Cairteanna Sóisialta arna nglacadh ag an gComhphobal agus ag Comhairle na hEorpa, agus an dlí-eolaíocht de Chúirt Bhreithiúnas na gComhphobal Eorpach agus den Chúirt Eorpach um Chearta an Duine.

Na cearta seo a theachtadh beireann sé freagrachtaí agus dualgais i dtaca le daoine eile, an cine daonna i gcoitinne agus na glúnta atá le teacht.

Dá dheasca sin, aithníonn an tAontas na cearta, saoirsí agus prionsabail atá leagtha amach anseo thíos.

CAIBIDIL I

AN DÍNIT

Airteagal 1

Dínit an duine

Tá dínit an duine dosháraithe. Tá an dínit sin le hurramú agus le cosaint.

Airteagal 2

Ceart chun beo

1. Tá ag gach duine an ceart chun a bheo.
2. Ní féidir duine a dhaoradh chun báis ná a chur chun báis.

Airteagal 3

An ceart chun iomláine na pearsan

1. Tá ag gach duine an ceart chun go ndéantar a iomláine coirp agus meabhrach a urramú.
2. I réimse na míochaine agus na bitheolaíochta, ní mór na nithe seo a leanas a urramú:
 - an duine i dtrácht a thoiliú a thabhairt faoi shaoirse agus go feasach, de réir na rialacha mionsonraithe arna sainiú le dlí,
 - toirmeasc ar chleachtais dhea-ghiniteacha, go háirithe na cleachtais sin arb é is críoch dóibh daoine a roghnú,
 - toirmeasc ar bhrabús a dhéanamh as an gcorp daonna ina cháil mar chorp agus as baill den chorp,
 - toirmeasc ar dhaoine a chlónáil go hatáirgeach.

Airteagal 4

Toirmeasc ar chéasadh agus ar phionóis mhídhaonna nó táireacha nó drochíde mhídhaonna nó táireach

Ní féidir aon duine a chéasadh ná aon phionóis mhídhaonna nó táireacha nó drochíde mhídhaonna nó táireach a thabhairt dó.

Airteagal 5

Toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar an saothar foréignithe

1. Ní féidir aon duine a choimeád i sclábhaíocht nó i ndaoirse.
2. Ní féidir iallach a chur ar aon duine saothar foréignithe nó éigeantach a dhéanamh.
3. Tá toirmiscthe an cheannaíocht i ndaoine.

CAIBIDIL II

SAOIRSÍ

Airteagal 6

An ceart chun na saoirse agus na slándála

Tá ag gach duine an ceart chun na saoirse agus na slándála.

Airteagal 7

Urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh

Tá ag gach duine an ceart chun go ndéantar a s(h)aol príobháideach agus saol a t(h)eaghlaigh, a b(h)aile, agus a c(h)uid cumarsáidí a urramú.

Airteagal 8

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Tá ag gach duine an ceart chun go ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann leis/léi a chosaint.
2. Ní mór sonraí den sórt sin a phróiseáil go macánta ar mhaithe le críocha sonraithe agus ar bhonn an duine i dtrácht a thoiliú a thabhairt nó de bhua bonn dlítheanach éigin eile arna leagan síos le dlí. Tá ag gach duine an ceart chun rochtain ar na sonraí atá bailithe mar gheall air/uirthi, agus an ceart go ndéantar iad a cheartú.
3. Tá comhlíonadh na rialacha seo faoi réir rialú ag údarás neamhspleách.

Airteagal 9

An ceart chun pósadh agus an ceart chun teaghlach a bhunú

Tá an ceart chun pósadh agus an ceart chun teaghlach a bhunú ráthaithe i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme ina leith.

Airteagal 10

Saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin. Tá le tuiscint sa cheart sin an tsaoirse reiligiúin nó creideamh a athrú agus an tsaoirse, bíodh an duine ina aonar nó i gcomhlúadar le daoine eile, go poiblí nó go príobháideach, reiligiúin nó creideamh a chur i bhfriotail sa chultas, sa teagasc, sa chleachtas agus sna deasghnátha.
2. Tá aitheanta an ceart chun agóid choinsiasach a dhéanamh i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme ina leith.

*Airteagal 11***Saoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil**

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse tuairimí a nochtadh. Tá le háireamh ar an gceart sin tuairimí a bheith aici/aige agus eolas agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó na húdaráis phoiblí agus beag beann ar theorainneacha.
2. Tá urramaithe saoirse agus iolrachas na meán.

*Airteagal 12***Saoirse comhthionóil agus comhlachais**

1. Tá ag gach duine an ceart chun saoirse comhthionól síochánta agus chun saoirse comhlachais ag gach leibhéal, go háirithe i réimsí polaitiúla, ceardchumann agus sibhialta a bheireann go bhfuil ag gach duine an ceart ceardchumann a chur ar bun agus chun bheith ina bhall díobh chun a leasanna a chosaint.
2. Rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ag leibhéal an Aontais chun friotal polaitiúil a chur ar thoil na saoránach den Aontas.

*Airteagal 13***Saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí**

Tá na healaíona agus na heolaíochtaí saor ó shriantacht. Tá urramaithe an tsaoirse acadúil.

*Airteagal 14***An ceart cun oideachais**

1. Tá ag gach duine an ceart chun oideachais agus chun rochtain ar an ngairmoiliúint agus ar an oiliúint leanúnach.
2. Tá le háireamh ar an gceart sin an chaoi saoroideachas éigeantach a fháil.
3. Tá urramaithe, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme ina leith, an tsaoirse forais oideachasúla a bhunú le hurraim chuí ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar cheart na dtuismitheoirí chun a áirithiú go ndéantar a leanáí a oiliúint agus a theagasc i gcomhréir lena n-áitiúis reiligiúnacha, fealsúnacha agus oideolaíocha.

*Airteagal 15***An tsaoirse ghairmiúil agus an ceart chun obair a dhéanamh**

1. Tá ag gach duine an ceart chun obair a dhéanamh agus gabháil faoi shaoirse le slí bheatha atá roghnaithe nó glactha aige.
2. Tá ag gach saoránach den Aontas an tsaoirse fostaíocht a lorg, obair a dhéanamh, gnóthas a chur ar bun agus seirbhísí a sholáthar i ngach Ballstát.

3. Tá ag náisiúnaigh tríú tíortha atá údaraithe le hobair a dhéanamh ar chríoch na mBallstát an ceart chun dálaí oibre atá coibhéiseach leis na dálaí oibre atá ag saoránaigh den Aontas.

Airteagal 16

Saoirse chun gnó a sheoladh

Tá aitheanta an tsaoirse chun gnó a sheoladh i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

Airteagal 17

An ceart chun maoin a shealbhú

1. Tá ag gach duine an ceart chun sealúchais arna bhfáil go dleathach a shealbhú, a úsáid, a dhiúscairt agus a thiomnú. Ní féidir a shealúchais a bhaint de dhuine ach amháin ar mhaithe leis an leas poiblí agus sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí ach cúiteamh cóir a fháil in am trátha mar chomaoin ar an gcaillteanas sin. Is féidir úsáid na maoin a rialáil le dlí a mhéad is gá sin ar mhaithe leis an leas ginearálta.

2. Tá cosanta an mhaoin intleachta.

Airteagal 18

An ceart chun tearmainn

Tá ráthaithe an ceart chun tearmainn le hurraim chuí ar rialacha Choinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 agus Phrótacal an 31 Eanáir 1967 a bhaineann le stádas dídeanaithe agus i gcomhréir leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

Airteagal 19

Cosaint i gcás aistriú, díbirt nó eiseachadadh

1. Tá toirmisce the díbirtí comhcoiteanna.

2. Ní féidir aon duine a aistriú, a dhíbirt nó a eiseachadadh chuig Stát ina bhfuil baol tromchúiseach ann go bhféadfaí an duine a chur faoi réir phionós an bháis, an céasadh nó pionóis mhídhaonna nó táireacha eile nó drochíde mídhaonna nó táireach eile.

CAIBIDIL III

COMHIONANNAS

Airteagal 20

Comhionannas os comhair an dlí

Is ionann gach duine os comhair an dlí.

Airteagal 21

Neamhidirdhealú

1. Tá toirmisce the aon idirdhealú arna bhunú ar aon bhonn amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.
2. I dtaca leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Conradh ar an Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm, agus gan dochar do na forálacha speisialta sna Conarthaí sin, tá toirmisce the aon idirdhealú ar bhonn náisiúntachta.

Airteagal 22

Éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teangeolaíoch

Urramaíonn an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teangeolaíoch.

Airteagal 23

Comhionannas idir fir agus mná

Ní mór comhionannas idir fir agus mná a áirithiú i gach réimse, lena n-áirítear maidir le fostaíocht, obair agus pá.

Ní chuireann an prionsabal um chomhionannas cosc ar bhearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh a leagann síos foráil maidir le buntáistí sonracha ar mhaithe leis an ngnéas tearcionadaithe.

Airteagal 24

Ceartha an linbh

1. Tá ag leanáí an ceart chun an chosaint agus an cúram is gá ar mhaithe lena leas. Is féidir leo a dtuairimí a nochtadh faoi shaoirse. Cuirtear a gcuid tuairimí san áireamh maidir le hábhair a bhaineann leo, ag féachaint dá n-aois agus dá n-aibíocht.
2. I ngach gníomh a bhaineann le leanáí, bíodh sé á dhéanamh ag údaráis phoiblí nó forais phríobháideacha, tá príomhleas an linbh ar na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh.

3. Tá ag gach leanbh an ceart chun caidreamh pearsanta agus tadhail dhíreacha a bheith aige go tráthrialta lena b(h)eirt thuismitheoirí ach amháin nuair atá sé sin contrártha lena leas.

Airteagal 25

Ceartha na ndaoine scothaosta

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas an ceart ag daoine scothaosta chun saol díniteach neamhspleách a bheith acu agus chun bheith rannpháirteach sa saol sóisialta agus cultúrtha.

Airteagal 26

Daoine le míchumais a imeascadh

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas an ceart atá ag daoine le míchumais chun tairbhiú de bhearta arb é is aidhm dóibh a neamhspleáchas, a n-imeascadh sóisialta agus gairmiúil agus a lánpháirteachas i saol an phobail a áirithiú.

CAIBIDIL IV

AN DLÚTHPHÁIRTÍOCHT*Airteagal 27***An ceart ag oibrithe do fhaisnéis agus do chomhairliúchán sa ghnóthas**

Ní mór a ráthú, ag gach leibhéal iomchuí, go gcuirtear oibrithe nó á gcuid ionadaithe ar an eolas agus go rachfaí i gcomhairle leo in am trátha sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Chomhphobail agus leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

*Airteagal 28***An ceart chun cómhargála agus chun gníomhaíochtaí comhchoiteanna**

Tá an ceart ag fostóirí agus ag fostaithe, nó ag a n-eagraíochtaí faoi seach, i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta, chun dul i mbun caibidlíochta agus comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích ag gach leibhéal iomchuí agus, má tá coinbhleacht leasa ann, chun gníomhaíochtaí comhchoiteanna a ghlacadh chun a leasanna féin a chosaint, lena n-áirítear dul ar stailc.

*Airteagal 29***An ceart chun rochtain ar ghníomhaireacht fostaíochta**

Tá ag gach duine an ceart chun rochtain saor in aisce ar ghníomhaireacht fostaíochta.

*Airteagal 30***An chosaint i gcás dífhóstú gan chúis**

Tá ag gach oibrí an ceart chun cosaint i gcoinne dífhóstú gan chúis, i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

*Airteagal 31***Dálaí oibre cothroma agus córa**

1. Tá ag gach oibrí an ceart chun dálaí oibre a thugann aird ar a s(h)láinte, a s(h)ábháilteacht agus a d(h)ínit.
2. Tá ag gach oibrí an ceart chun uasteorainn a bheith leis na huaireanta oibre, chun tréimhsí sosa in aghaidh an lae agus in aghaidh na seachtaine agus chun tréimhse saoire íoctha in aghaidh na bliana.

Airteagal 32

Toirmeasc ar leanaí bheith ag obair agus leanaí ar an láithreán oibre a chosaint

Tá toirmisceithe fostaíocht leanaí. Ní féidir gurb ísle ná an íosaois chun an scoil a fhágáil an íosaois chun dul i mbun fostaíochta, gan dochar do na rialacha sin atá níos fabhraí do dhaoine óga agus i gcás maoluithe teoranta amháin.

Daoine óga a gceadaítear dóibh dul i mbun fostaíochta, ní mór dálaí oibre a bheith acu a oireann dá n-aois agus ní mór iad a chosaint i gcoinne an dúshaothrú eacnamaíoch agus ó aon obair ar dóigh di a sábháilteacht, a sláinte, a méadaíocht coirp, meabhrach, morálta nó sóisialta a dhochrú nó a n-oideachas a chur i gcontúirt.

Airteagal 33

Saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil

1. Tá áirithithe ag an teaghlach cosaint dhlítheanach, eacnamaíoch agus sóisialta.
2. Chun gur féidir comhréiteach a fháil idir saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil, tá ag gach duine an ceart chun cosaint ón dífhostú ar chúis atá bainteach leis an máithreachas agus an ceart chun saoire máithreachais agus chun saoire mar thuismitheoir tar éis leanbh a shaolú nó a uchtú.

Airteagal 34

An tslándáil shóisialta agus an cúnamh sóisialta

1. Aithníonn agus urramaíonn an tAontas go bhfuiltear i dteideal liúntais slándála sóisialta agus seirbhísí sóisialta a fháil a thugann cosaint i gcásanna amhail máithreachas, breoiteacht, tiónóisc thionsclaíoch, cleithiúnas nó seanaois agus má chailltear an fhostaíocht, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe arna mbunú le dlí an Chomhphobail agus leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta.
2. Tá ag gach duine a chónaíonn agus a ghluaiseann go dleathach laistigh den Aontas an ceart chun liúntais slándála sóisialta agus buntáistí sóisialta a fháil i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta.
3. Chun an t-eisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht a chomhrac, aithníonn agus urramaíonn an tAontas an ceart do chúnamh sóisialta agus do chúnamh tithíochta chun a áirithiú go bhfuil caighdeán maireachtála faoi dhínit ag daoine gan acmhainní leordhóthanacha, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe arna mbunú le dlí an Chomhphobail agus leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

Airteagal 35

Cúram sláinte

Tá ag gach duine an ceart chun rochtain ar an míochaine choisctheach agus chun táirbhiú den chóireáil mhíochaine faoi na coinníollacha arna mbunú leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Tá áirithithe ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine fad atá beartais agus gníomháíochtaí uile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme.

*Airteagal 36***Rochtain ar sheirbhísí de leas eacnamaíoch ginearálta**

Aithníonn agus urramaíonn an tAontas an rochtain ar sheirbhísí de leas eacnamaíoch ginearálta dá bhforáiltear leis na dlíthe agus cleachtais náisiúnta, i gcomhréir leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, d'fhonn comhtháthú sóisialta agus críochach an Aontais a chur ar aghaidh.

*Airteagal 37***Cosaint an chomhshaoil**

Ní mór ardleibhéal cosanta don chomhshaoil agus feabhas a chur ar a mhianach a lánpháirtiú i mbeartais an Aontais, agus a áirithiú i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le forás inbhuanaithe.

*Airteagal 38***Cosaint an tomhaltóra**

Tá áirithithe i mbeartais an Aontais ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí.

CAIBIDIL V

CEARTA AN tSAORÁNAIGH*Airteagal 39***An ceart chun vótáil agus chun bheith ina (h)iarrthóir sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa**

1. Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun vótáil agus chun bheith ina (h)iarrthóir sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát ina gcónaíonn sé/sí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin.

2. Toghtar comhaltaí do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, trí shaorbhallóid rúnda.

*Airteagal 40***An ceart chun vótáil agus chun bheith ina (h)iarrthóir sna toghcháin bhargasacha**

Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun vótáil agus chun bheith ina (h)iarrthóir sna toghcháin bhargasacha sa Bhallstát ina gcónaíonn sé/sí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin.

*Airteagal 41***An ceart chun an dea-riaracháin**

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanann na hinstiúidí agus comhlachtaí den Aontas a c(h)uid gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, cóir, agus é sin a dhéanamh laistigh d'am réasúnta.

2. Tá le háireamh ar an gceart sin:

— an ceart atá ag gach duine éisteacht a fháil sula nglactar aon bheart leithleach i ndáil leis/léi a dhéanfadh a (h)aimhleas,

— an ceart atá ag gach duine rochtain a bheith aige/aici ar a c(h)omhad ag féachaint do na leasanna dlisteanacha a bhaineann le rúndacht agus leis an tsicréideacht gnó,

— an oibleagáid ar an riarachán cúiseanna lena chinntí a thabhairt.

3. Tá ag gach duine an ceart chun an Comhphobal do dhéanamh aon damáiste a shlánú a raibh a instiúidí nó oifigigh ina siocair leis agus a gcuid dualgas á gcomhall acu, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát.

4. Is féidir le gach duine scríobh chuig na hinstiúidí den Aontas i gceann de theangacha na gConarthaí agus ní mór dó/dí freagra a fháil sa teanga sin.

*Airteagal 42***An ceart chun rochtain ar dhoiciméid**

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a (h)oifig chláirithe aige/aici i mBallstát an ceart chun rochtain ar dhoiciméid atá ag Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún.

*Airteagal 43***Ombudsman**

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a (h)oifig chláraithe aige/aici i mBallstát an ceart chun cásanna drochriaracháin sna hinstiúidí agus comhlachtaí den Chomhphobal, amach ón gCúirt Bhreithiúnais agus ón gCúirt Chéadchéime ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach, a tharchur chuig an Ombudsman.

*Airteagal 44***An ceart chun achainí a dhéanamh**

Tá ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a (h)oifig chláraithe aige/aici i mBallstát an ceart chun achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa.

*Airteagal 45***Saoirse gluaiseachta agus saoirse cónaí**

1. Tá ag gach saoránach den Aontas an tsaoirse chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát.
2. Is féidir saoirse gluaiseachta agus cónaí a dheonú i gcomhréir leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, do náisiúnaigh tríú tíortha a chónaíonn go dleathach ar chríoch Ballstáit.

*Airteagal 46***Cosaint taidhleoireachta agus consalach**

Tairbhíonn gach saoránach den Aontas, ar chríoch tríú Stát nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnach de é/í, de chosaint ó údarais taidhleoireachta agus consalacha gach Ballstáit faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin.

CAIBIDIL VI

AN CEARTAS

*Airteagal 47***An ceart chun leigheas éifeachtach agus an ceart chun triail chóir**

Tá ag gach duine a sáraítear a c(h)earta agus a s(h)aoirsí arna ráthú le dlí an Aontais an ceart chun leigheas éifeachtach os comhair cúirte i gcomhréir leis na coinníollacha dá bhforáiltear san airteagal seo.

Tá ag gach duine an ceart chun éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh d'am réasúnta ó chúirt neamhspleách neamhchlaon arna bunú roimh ré le dlí. Tá an chaoi ag gach duine go ndéantar é/í a chomhairliú, a chosaint agus a ionadú.

Tugtar cúnamh dlíthiúil dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu a mhéad is gá an cúnamh sin chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú.

*Airteagal 48***Toimhde na neamhchiontacht agus cearta na cosanta**

1. Gach duine atá cúisithe, tá an toimhde ann go bhfuil sé/sí neamhchiontach go dtí go gcruthaítear ciontach é/í de réir dlí.
2. Gach duine atá cúisithe, tá ráthaithe dó/di urraim do chearta na cosanta.

*Airteagal 49***Prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta agus pionóis coiriúla**

1. Ní féidir aon duine a chiontú i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh nár chion coiriúil é faoin dlí náisiúnta nó idirnáisiúnta tráth a dhéanta. Mar an gcéanna, ní ghearrtar pionós is troime ná an pionós ab infheidhme an tráth a rinneadh an cion. Más amhlaidh, tar éis an cion coiriúil a dhéanamh, go bhforáiltear pionós níos éadroime sa dlí, is é an pionós sin atá infheidhme.
2. Tá an tAirteagal seo gan dochar do thriail agus do phionós aon duine i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh a bhí, tráth a dhéanta, coiriúil de réir na bprionsabal ginearálta arna n-aithint ag na náisiúin i gcoitinne.
3. Caithfidh an pionós gan a bheith neamhchomhréireach leis an gcion.

*Airteagal 50***An ceart chun nach ndéantar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó i ngeall ar an gcion coiriúil céanna**

Ní féidir aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion a bhfuil sé/sí éigiontaithe nó ciontaithe go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA GINEARÁLTA*Airteagal 51***Raon feidhme**

1. Tá forálacha na Cairte seo dírithe ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais le haird chuí ar phrionsabal na coimhdeachta, agus ar Bhallstáit nuair a chuireann siad dlí an Aontais chun feidhme, agus ansin amháin. Dá dheasca sin, tugann siad aird ar na cearta, déanann siad na prionsabail a urramú agus a gcur i bhfeidhm a chur ar aghaidh i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach.
2. Ní dhéanann an Chairt seo aon inniúlacht ná aon chúram nua a bhunú don Chomhphobal ná don Aontas ná na hinniúlachtaí agus cúraimí atá sainithe sna Conarthaí a mhodhnú.

*Airteagal 52***Raon feidhme na gceart ráthaithe**

1. Aon teorannú ar na cearta agus saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo a fheidhmiú, ní mór forálacha a dhéanamh faoin dlí chuige agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí a dúradh a urramú. Le hurraim chuí ar phrionsabal na comhréireachta, ní féidir teorannuithe a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhír do chuspóirí de leas ginearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas maidir le saoirsí agus cearta daoine eile a chosaint.
2. Déantar saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo atá fothaithe ar Chonarthaí an Chomhphobail nó ar an gConradh ar an Aontas Eorpach a fheidhmiú faoi na coinníollacha agus teorainneacha arna sainiú sna Conarthaí sin.
3. A mhéad a chuimsíonn an Chairt seo cearta a fhreagraíonn do chearta arna ráthú sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, is ionann ciall agus raon feidhme na gceart sin agus an chiall agus an raon feidhme atá arna dtabhairt dóibh sa Choinbhinsiún a dúradh. Ní choisceann an fhoráil sin an ceart atá ag an Aontas chun cosaint níos fairsinge a thabhairt.

*Airteagal 53***Leibhéal cosanta**

Níor chóir aon fhoráil sa Chairt seo a léirmhíniú sa chaoi go ndéantar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a shrianadh nó a lagú mar atá siad arna n-aithint, ina réimsí cur i bhfeidhm faoi seach, i ndlí an Aontais, sa dlí idirnáisiúnta, i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas, an Comhphobal nó na Ballstáit uile ina bpáirtithe iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i mbunreachtanna na mBallstát.

*Airteagal 54***Toirmeasc ar chearta a mhí-úsáid**

Níor chóir aon fhoráil sa Chairt seo a léirmhíniú sa chaoi go bhfuil sé intuigthe aon cheart a bheith ann chun gabháil le haon ghníomhaíocht ná aon ghníomh a dhéanamh arb é is aidhm dó na cearta nó saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo a mhilleadh nó na cearta agus saoirsí a theorannú níos mó ná mar atá leagtha síos sa Chairt.
